Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**5741/25**
**ADD 1**

**AGRILEG 13**
**VETER 12**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Eanáir 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D103880/01 ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine a chur ar an margadh agus allmhairí díobh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D103880/01 ANNEX.

---

Faoi iamh: D103880/01 ANNEX

**GA**

# IARSCRÍBHINN

## Cuid 1
## Leasuithe ar Iarscríbhinní IV, V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán (AE) 142/2011

Leasaítear Iarscríbhinní IV, V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán (AE) 142/2011 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IV, leasaítear Caibidil IV mar a leanas:

(a) leasaítear Roinn 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe D(2)(a)(ii):

'(ii) i gcás ábhair de Chatagóir 3, seachas ola chócaireachta úsáidte, aon cheann de mhodhanna próiseála 1 go 5 nó modh próiseála 7 nó, i gcás ábhar a dhíorthaítear ó éisc, modhanna próiseála 1 go 7 mar a leagtar amach i gCaibidil III;';

(ii) i bpointe J(1)(a), cuirtear isteach an fophointe seo a leanas:

'(iv) ola chócaireachta úsáidte d'ábhar de Chatagóir 3.';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe L(1)(b):

'(b) ola chócaireachta úsáidte d'ábhar de Chatagóir 3, saillte leáite agus ola éisc a chomhlíonann pointe J(1)(a) den Roinn seo.';

(iv) cuirtear isteach na pointí M agus N seo a leanas:

'M. Táirgeadh bithdhíosail ó shaillte próiseáilte a dhíorthaítear ó sheachtháirgí ainmhithe de Chatagóir 1, 2 agus 3

1. Ábhair thosaigh

Don phróiseas sin, féadfar saillte leáite d'ábhar de Chatagóir 1, 2 nó 3 agus ola chócaireachta úsáidte d'ábhar de Chatagóir 3 a úsáid.

2. Modhanna próiseála

Ach amháin i gcás ina n-úsáidtear ola éisc a táirgeadh i gcomhréir le Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004*, nó i gcás ina n-úsáidtear saill leáite a táirgeadh i gcomhréir le Roinn XII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, déanfar an codán saille a dhíorthaítear ó sheachtháirgí ainmhithe a phróiseáil ar dtús agus úsáid á baint as na modhanna seo a leanas:

(a) i gcás ábhair de Chatagóir 1 nó 2, modh próiseála 1 (steiriliú brú) mar a leagtar amach i gCaibidil III den Iarscríbhinn seo; agus

(b) i gcás ábhar de Chatagóir 3, seachas ola chócaireachta úsáidte, aon cheann de mhodhanna próiseála 1 go 5 nó

modh próiseála 7 nó, i gcás ábhar a dhíorthaítear ó éisc, modhanna próiseála 1 go 7 mar a leagtar amach i gCaibidil III den Iarscríbhinn seo.

3. Tar éis próiseála i gcomhréir le ceann de na modhanna próiseála dá dtagraítear i bpointe 2, cuirfear ábhair thosaigh dá dtagraítear i bpointe 1 faoi réir na gcéimeanna seo a leanas:

   (a) próiseas réamhghlanta chun eisíontais dhothuaslagtha a sháraíonn 0,15 % a bhaint. Déanfar na leachtanna glanta a fhaightear ón bpróiseas réamhghlanta a phumpáil isteach san umar bithdhíosail ag an mbunaíocht ina stóráiltear na leachtanna glanta, mar bhunábhair bhithdhíosail, go dtí go ndéanfar an phróiseáil;

   (b) eistearúchán/traseistearúchán aigéadach (1,5 % d'aigéad sulfónach meatáin w/w; 140 °C; 5,5 bar dearbh-bhrú (bara); 4 uair an chloig) chun an bhunábhar glanta a thiontú ina bhithdhíosal; agus

   (c) driogadh codánach: déanfar an bithdhíosal a chodánú (≥ 220 °C; 10 go 35 mhilleabar (mbara)) ina dtáirgí scagtha iomadúla, ina bhfuil slabhraí carbóin ar fad ar leith i ngach ceann acu, rud a fhágann go mbíonn baisceanna bithdhíosail ann a bhfuil sonraíochtaí éagsúla acu.

4. Déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an bplean anailíse guaise agus pointí rialúcháin criticiúla ina ndéantar príomhpharaiméadair phróiseála na gcéimeanna a thuairiscítear i bpointí 1, 2 agus 3 a sheiceáil agus a thaifeadadh.

N. Próiseas táirgthe bithdhíosail ag úsáid saillte leáite ó sheachtháirgí ainmhithe de Chatagóir 1, 2 agus 3

1. Ábhair thosaigh

   Don phróiseas sin, úsáidfear codán saille a dhíorthaítear ó sheachtháirgí ainmhithe ó ábhair de Chatagóir 1, 2 nó 3.

2. Modhanna próiseála

   (a) Ach amháin i gcás ina n-úsáidtear ola éisc a táirgeadh i gcomhréir le Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, nó i gcás ina n-úsáidtear saill leáite a táirgeadh i gcomhréir le Ranna XII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, déanfar an codán saille a dhíorthaítear ó sheachtháirgí ainmhithe a phróiseáil ar dtús agus úsáid á baint as na modhanna seo a leanas:

      (i) i gcás ábhair de Chatagóir 1 nó 2, modh próiseála 1 (steiriliú brú) mar a leagtar amach i gCaibidil III den Iarscríbhinn seo; agus

      (ii) i gcás ábhar de Chatagóir 3, seachas ola chócaireachta úsáidte, aon cheann de mhodhanna próiseála 1 go 5 nó modh próiseála 7 nó, i gcás ábhar a dhíorthaítear ó éisc,

modhanna próiseála 1 go 7 mar a leagtar amach i gCaibidil III den Iarscríbhinn seo; i gcás saille de thionscnamh athchogantach, bainfear eisíontais dhothuaslagtha a sháraíonn 0,15 % de réir meáchain.

(b) Is éard a bheidh sa phróiseas táirgthe bithdhíosail seo a leanas céim tiontaithe d'eistearúchán agus traseistearúchán in aon chéim amháin ag teocht 200 °C ar a laghad, brú 70 bar ar a laghad le tréimhse choinneála 15 nóiméad ar a laghad, agus MgO á úsáid mar chatalaíoch in éineacht le halcól (meatánól) agus ina dhiaidh sin trí dhriogadh folúis (ag ≥ 150° C, ≤ 10 mbar) den táirge deiridh, bithdhíosal.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an bplean anailíse guaise agus pointí rialúcháin criticiúla ina ndéantar príomhpharaiméadair phróiseála na gcéimeanna a thuairiscítear i bpointí 1 agus 2 a sheiceáil agus a thaifeadadh;

______

* Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/853/oj).';

(b) i Roinn 3, i bpointe 2(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'(b) maidir leis an bpróiseas táirgthe bithdhíosail dá dtagraítear i Roinn 2, pointí D, M agus N, d'fhéadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh:';

(2) in Iarscríbhinn V, i gCaibidil I, i Roinn 1, i bpointe 2, cuirtear isteach an pointe (g) seo a leanas:

'(g) fuíoll feithidí próiseáilte a próiseáladh i gcomhréir le hIarscríbhinn XI, Caibidil I, Roinn 2, pointe (b);';

(3) leasaítear Iarscríbhinn XIV mar a leanas:

(a) i gCaibidil I, i Roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5(a):

'5. Féadfar próitéin ainmhíoch phróiseáilte a fhaightear ó fheithidí feirmshaothraithe a allmhairiú isteach san Aontas ar choinníoll gur táirgeadh í i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:

(a) baineann na feithidí le ceann amháin de na speicis seo a leanas:

— saighdiúir cuile dubh (*Hermetia illucens*) agus cuil tí (*Musca domestica*),

— minphéist bhuí (*Tenebrio molitor*) agus minphéist bheag (*Alphi tobius diaperinus*),

— criogar (*Acheta domesticus*), criogar bandach (*Gryllodes sigillatus*) agus criogar féir (*Gryllus assimilis*),

— seiriceán (*Bombyx mori*);';

(b) i gCaibidil II, i Roinn 1, leasaítear Tábla 2 mar a leanas:

(i) i ró 12, sa chúigiú colún dar teideal 'Liostaí tríú tíortha', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) I gcás ábhair choganta le haghaidh madraí agus bia peataí seachas bia peataí amh:

Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV nó i gCuid 1, Roinn A, d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus na tríú tíortha seo a leanas:

(AL) An Albáin

(EC) Eacuadór

(DZ) An Ailgéir

(GE) An tSeoirsia (bia peataí próiseáilte seachas bia peataí stánaithe)

(LK) Srí Lanca

(SA) An Araib Shádach (bia peataí próiseáilte de bhunadh éanlaith chlóis amháin)

(SV) An tSalvadóir

(TW) An Téaváin

(ID) An Indinéis (bia próiseáilte peataí ina bhfuil próitéin ainmhíoch phróiseáilte de bhunadh feithidí amháin)

I gcás ábhar éisc, tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.';

(ii) i ró 17, sa tríú colún dar teideal 'Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) I gcás ábhair atá ceaptha chun bithdhíosal, táirgí olacheimiceacha bithdhíosail nó breoslaí in-athnuaite dá dtagraítear i bpointí L, M agus N de Roinn 2 de Chaibidil IV d'Iarscríbhinn IV a tháirgeadh:

Ábhair de Chatagóirí 1, 2 agus 3 dá dtagraítear in Airteagal 8, Airteagal 9 agus Airteagal 10.';

(c) i gCaibidil II, i Roinn 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 3:

*'Tábla 3*

**Onnmhairí fótaigheilitín**

| *Tríú tír thionscnaimh* | *Gléasraí tionscnaimh* | *Ballstát cinn scríbe* | *Pointe cigireachta teorann an chéad teacht isteach san Aontas* | *Monarchana fótagrafacha formheasta* |
|---|---|---|---|---|
| An tSeapáin | Nitta Gelatin Inc., 2-22 Futamata Yao-City, Osaka 581-0024 an tSeapáin<br>Jellice Co., Ltd. 4-1, Sakae 4-Chome, Tagajo-City, Miyagi 985-0833 an tSeapáin | An Ísiltír | Rotterdam<br>Aerfort Schiphol - Amsterdam | Fujifilm Manufacturing Europe B.V., Oudenstaart 1, 5047 TK Tilburg, An Ísiltír |
| | Nitta Gelatin Inc., 2-22 Futamata Yao-City, Osaka 581-0024 an tSeapáin | An tSeicia | Hamburg | FOMA Bohemia, spol. SRO Jana Krušinky 1604 501 04 Hradec Králové, An tSeicia |
| Na Stáit Aontaithe | Eastman Gelatine Corporation, 227 Washington Street, Peabody, MA, 01960 USA<br>Gelita North America, 2445 Port Neal Industrial Road Sergeant Bluff, Iowa, 51054 USA | An tSeicia | Hamburg | FOMA Bohemia spol. SRO Jana Krušinky 1604 501 04 Hradec Králové, An tSeicia' |

';

(4) leasaítear Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 1a:

# ‘CAIBIDIL 1a

## Deimhniú sláinte

*Maidir le próitéin ainmhíoch phróiseáilte a dhíorthaítear ó fheithidí feirmshaothraithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine, lena n-áirítear meascáin agus táirgí seachas bia peataí ina bhfuil an phróitéin sin, lena seoladh chuig an Aontas Eorpach nó le bheith faoi bhealach tríd[2] an Aontas Eorpach*

**TÍR:** **Deimhniú tréidliachta chuig an Aontas Eorpach**

**Cuid I : Sonraí na coinsíneachta seolta**

| | |
|---|---|
| I.1. Coinsíneoir<br>Ainm<br>Seoladh<br><br>Teil. | I.2. Uimhir thagartha an deimhnithe \| I.2.a.<br>I.3. Údarás inniúil lárnach<br>I.4. Údarás inniúil áitiúil |
| I.5. Coinsíní<br>Ainm<br>Seoladh<br><br>Cód poist<br>Teil. | I.6. An duine atá freagrach as an ualach san Aontas<br>Ainm<br>Seoladh<br><br>Cód poist<br>Teil. |
| I.7. Tír thionscnaimh \| Cód ISO \| I.8. Réigiún tionscnaimh \| Cód | I.9. Tír cinn scríbe \| Cód ISO \| I.10. Réigiún cinn scríbe \| Cód |
| I.11. Áit tionscnaimh<br><br>Ainm — Uimhir formheasa<br>Seoladh<br>Ainm — Uimhir formheasa<br>Seoladh<br>Ainm — Uimhir formheasa<br>Seoladh | I.12. Ceann scríbe<br><br>Stóras custaim ☐<br>Ainm — Uimhir formheasa<br>Seoladh<br><br>Cód poist |
| I.13. Ionad luchtaithe | I.14. Dáta imeachta |
| I.15. Modh iompair<br><br>Eitleán ☐ Long ☐ Vaigín iarnróid ☐<br>Feithicil bhóthair ☐ Eile ☐<br>Aitheantas<br>Tagairtí doiciméadachta | I.16. Pointe cigireachta teorann um Theacht Isteach san Aontas<br><br>I.17. |
| I.18. Tuairisc ar an tráchtearra | I.19. Cód an tráchtearra (cód HS)<br>I.20. Cainníocht |
| I.21. Teocht an táirge<br>Comhthimpeallach ☐ Fuaraithe ☐ Reoite ☐ | I.22. An líon pacáistí |
| I.23. Uimh. an tSéala/an Choimeádáin | I.24. Cineál pacáistíochta |
| I.25. Tráchtearraí arna ndeimhniú le haghaidh:<br><br>Beatha ainmhithe ☐ Úsáid theicniúil ☐<br>Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach ☐ Monarú bia peataí ☐ | |
| I.26. Le bheith faoi bhealach tríd an Aontas Eorpach chuig tríú tír ☐<br><br>Tríú tír — Cód ISO | I.27. Le haghaidh allmhairiú chuig an Aontas nó cead isteach ann ☐ |
| I.28. Sainaithint na dtráchtearraí<br><br>Speiceas (Ainm eolaíoch) — Cineál an tráchtearra — Uimhir formheasa na mbunaíochtaí: Gléasra monaraíochta — Glanmheáchan — Baiscuimhir | |

| TÍR | Próitéin ainmhíoch phróiseáilte a dhíorthaítear ó fheithidí feirmshaothraithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine, lena n-áirítear meascáin agus táirgí seachas bia peataí ina bhfuil an phróitéin sin |
|---|---|

Cuid II: Deimhniúchán

| **II.** **Faisnéis sláinte** | II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe | II.b. |
|---|---|---|

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, gur léigh mé agus gur thuig mé Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([1a]) agus go háirithe Airteagal 10 de, agus Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún([1b]), agus go háirithe Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn X, agus Caibidil I d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis, agus deimhním an méid seo a leanas:

II.1. níl sa phróitéin ainmhíoch phróiseáilte a dhíorthaítear ó fheithidí feirmshaothraithe nó sa táirge ar a dtugtar tuairisc thuas ach próitéin ainmhíoch phróiseáilte nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus a bhfuil an méid seo fíor ina leith:

(a) ullmhaíodh agus stóráladh an phróitéin i mbunaíocht nó i ngléasra atá formheasta agus maoirsithe ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, agus

(b) ullmhaíodh go heisiach í ó fheithidí feirmshaothraithe de na speicis seo a leanas:

([2]) *cé acu* [- saighdiúir cuile dubh (*Hermetia illucens*);]
([2]) *agus*/nó [- cuil tí (*Musca domestica*);]
([2]) *agus/nó* [- minphéist bhuí (*Tenebrio molitor*);]
([2]) *agus/nó* [- minphéist bheag (*Alphitobius diaperinus*);]
([2]) *agus/nó* [- criogar (*Acheta domesticus*);]
([2]) *agus/nó* [- criogar bandach (*Gryllodes sigillatus*);]
([2]) *agus/nó* [- criogar féir (*Gryllus assimilis*).]
([2]) *agus/nó* [- seiriceán (*Bombyx mori*).]

agus

(c) próiseáladh í le modh [1]-[2]-[3]-[4]-[5]-[7]([2]) mar a leagtar amach i gCaibidil III d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;

agus

(d) ní bheidh sa tsubstráit maidir le feithidí saothraithe a bheathú ach táirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad nó na táirgí seo a leanas de bhunadh ainmhíoch ó ábhar de Chatagóir 3:

- mín éisc;
- táirgí fola ó neamh-athchogantaigh;
- fosfáit déchailciam agus tríchailciam de bhunadh ainmhíoch;
- próitéiní hidrealaithe ó neamh-athchogantaigh;
- próitéiní hidrealaithe ó sheithí agus ó chraicne athchogantach;
- geilitín agus collaigin ó neamh-athchogantaigh;
- uibheacha agus táirgí uibhe;
- bainne, táirgí bunaithe ar bhainne, táirgí díorthaithe ó bhainne, agus gruth buí;
- mil;
- saillte leáite;

agus

(e) ní raibh an tsubstráit maidir le feithidí agus na feithidí nó a larbhaí a bheathú i dteagmháil le haon ábhar eile de bhunadh ainmhíoch seachas na hábhair dá dtagraítear i bpointe (d) agus ní raibh aoileach, dramhaíl lónadóireachta ná dramhaíl eile sa tsubstráit.

II.2. scrúdaigh an t-údarás inniúil sampla randamach díreach sular seoladh é agus chinn sé go raibh na caighdeáin seo a leanas á gcomhlíonadh aige([3]):

| II. Faisnéis sláinte | II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe | II.b. |
|---|---|---|

Salmonella: Neamhláithreacht in 25 g: n = 5, c = 0, m = 0, M = 0

Enterobacteriaceae: n = 5, c = 2, m = 10, M = 300 in 1g;

II.3. rinneadh gach réamhchúram ar an táirge chun athéilliú le hoibreáin phataigineacha a sheachaint tar éis na cóireála;

II.4. maidir leis an táirge deiridh:

(2) *cé acu* [rinneadh é a phacáil i málaí nua nó i málaí steirilithe,]

(2) *nó* [rinneadh í a iompair i mbulc i gcoimeádáin nó i modhanna eile iompair a glanadh agus a díghalraíodh go críochnúil sular úsáideadh iad,]

ar a bhfuil lipéid lena sonraítear 'NÍ LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE / PRÓITÉIN FEITHIDÍ PHRÓISEÁILTE – NÍ ÚSÁIDFEAR Í I mBEATHA D'AINMHITHE FEIRMHSHAOTHRAITHE, SEACHAS DOBHARSHAOTHRÚ, AINMHITHE FIONNAIDH MUC-AINMHITHE AGUS ÉANLAITH CHLÓIS';

II.5. stóráladh an táirge deiridh i stóras iata;

(2)[II.6. tá an phróitéin ainmhíoch phróiseáilte nó an táirge a thuairiscítear thuas díorthaithe ó sheachtháirgí ainmhíoch de bhunadh athchogantach, nó tá seachtháirgí den chineál sin sa phróitéin nó sa táirge sin agus:

(2) *cé acu* [tagann sí ó thír nó ó réigiún, a aicmítear mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE, agus nach raibh aon chás dúchasach ESB inti, agus]]

(2) *nó* [tagann sí ó thír nó ó réigiún a aicmítear mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ina raibh cás dúchasach ESB, agus díorthaíodh an seachtháirge ainmhithe nó an táirge díorthaithe ó ainmhithe a rugadh tar éis an dáta ónar forfheidhmíodh go héifeachtach sa tír nó sa réigiún sin an toirmeasc ar athchogantaigh a bheathú le min feola agus cnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, agus]

(2) *cé acu* [díorthaítear í ó athchogantaigh eile seachas bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach nó ainmhithe den chineál gabhair.]

(2) *nó* [díorthaítear í ó bhó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach nó ainmhithe den chineál gabhair agus níl inti agus ní dhíorthaítear í ón méid seo a leanas:

(2) *cé acu* [ábhair bhó-ainmhithe, ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmhithe den chineál gabhair seachas na hábhair sin a dhíorthaítear ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a maraíodh i dtír nó i réigiún a aicmítear mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE.]

(2) nó [(a) ábhar rioscaí sonraithe mar a shainmhínítear í i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle(4);

(b) feoil díchnámhaithe go meicniúil a fhaightear ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach nó ainmhithe den chineál gabhair, seachas ó na hainmhithe sin a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a maraíodh i dtír nó i réigiún a aicmítear mar thír nó i réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB i gcomhréir le

| II. Faisnéis sláinte | II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe | II.b. |
|---|---|---|

Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún([5]) ach nach raibh aon chás dúchasach ESB ann,

(c) seachtháirge ainmhithe nó táirge díorthaithe a fhaightear ó bhó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach nó ainmhithe den chineál gabhair a maraíodh, tar éis iad a stiúdadh, tríd an néarfhíochán lárnach a stolladh le huirlis shlatchruthach fhadaithe a chuirtear isteach sa chuas cráiniach, nó trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach, seachas i gcás na n-ainmhithe sin a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a maraíodh i dtír nó i réigiún a aicmítear mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE.]

II.7. maidir leis an bpróitéin ainmhíoch phróiseáilte nó an táirge a thuairiscítear thuas:

([2]) *cé acu* [níl bainne ná táirgí bainne de bhunadh ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair iontu nó níl siad beartaithe lena n-úsáid mar bheatha d'ainmhithe feirmshaothraithe, seachas ainmhithe fionnaidh.]

([2]) *nó* [tá bainne nó táirgí bainne de bhunadh ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair iontu agus tá siad beartaithe lena n-úsáid mar bheatha d'ainmhithe feirmshaothraithe, seachas ainmhithe fionnaidh, atá:

(a) díorthaithe ó ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair a coimeádadh go leanúnach ó rugadh iad i dtír ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) is galar infhógartha í an scráibeach chlasaiceach;

(ii) tá córas feasachta, faireachais agus faireacháin i bhfeidhm don scráibeach chlasaiceach;

(iii) tá feidhm ag srianta oifigiúla maidir le gabháltais ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair i gcás ina bhfuil amhras ann faoi einceifileapaite spúinseach in-tarchurtha a bheith ann nó i gcás ina bhfuil sé deimhnithe gurb ann don scráibeach chlasaiceach;

(iv) maraítear agus scriostar na hainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair a bhfuil an scráibeach chlasaiceach orthu;

(v) tá toirmeasc ar mhin feola agus cnámh nó geirdheascadh de bhunadh na n-ainmhithe athchogantacha, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, a thabhairt mar bheatha d'ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair, agus cuireadh i bhfeidhm go héifeachtach é sin sa tír ar fad ar feadh na 7 mbliana dheireanacha ar a laghad;

(b) tagann siad ó ghabháltais nach bhforchuirtear aon srianta oifigiúla ann mar gheall ar amhras go bhfuil einceifileapaite spúinseach in-tarchurtha ann;

(c) tagann siad ó ghabháltais nár diagnóisíodh aon chás den scráibeach chlasaiceach iontu le linn na seacht mbliana roimhe sin ar a laghad nó, tar éis cás den scráibeach chlasaiceach a dheimhniú:

([2]) *cé acu* [maraíodh agus scriosadh nó maraíodh i seamlas gach ainmhí den chineál caorach agus den chineál gabhair ar an ngabháltas, seachas reithe pórúcháin den ghéinitíopa ARR/ARR, caoirigh phórúcháin a iompraíonn ailléil ARR amháin ar a

| **II. Faisnéis sláinte** | II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe | II.b. |
|---|---|---|

laghad ach gan aon ailléil VRQ agus ainmhithe eile den chineál caorach a iompraíonn ailléil ARR amháin ar a laghad;]

(2) *nó* [maraíodh agus díothaíodh gach ainmhí inar deimhníodh cás den scráibeach chlasaiceach, agus cuireadh an gabháltas faoi réir faireachán treisithe le haghaidh einceifileapaite spúinseach in-tarchurtha ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad ón dáta a deimhníodh an cás deireanach den scráibeach chlasaiceach, lena n-áirítear tástáil, le torthaí diúltacha, maidir le láithreacht einceifileapaite spúinsí in-tarchurtha, i gcomhréir leis na modhanna saotharlainne a leagtar amach i gCaibidil C, pointe 3.2, d'Iarscríbhinn X de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, ar tástáil é sin a rinneadh ar gach ceann de na hainmhithe seo a leanas atá os cionn 18 mí d'aois, cé is moite d'ainmhithe den chineál caorach den ghéinitíopa ARR/ARR:

- ainmhithe a maraíodh mar bhia don duine; agus
- ainmhithe a fuair bás nó a maraíodh sa ghabháltas ach nár maraíodh faoi chuimsiú feachtas díothaithe galair.]

II.8. [sa phróitéin ainmhíoch phróiseáilte nó an táirge a thuairiscítear thuas tá seachtháirgí de bhunadh neamh-athchogantach nó tá siad díorthaithe ó sheachtháirgí den chineál sin agus, de réir an ráitis ón gCoinsíneoir dá dtagraítear i mBosca I.1,

(2) *cé acu* [níl siad beartaithe chun beatha a tháirgeadh d'ainmhithe feirmshaothraithe, seachas ainmhithe fionnaidh.]

(2)(6) *nó* [tá siad beartaithe chun beatha a tháirgeadh d'ainmhithe neamh-athchogantacha feirmshaothraithe, seachas ainmhithe fionnaidh, agus tá sé geallta ag an gCoinsíneoir a áirithiú go gcuirfear ar fáil don phointe cigireachta teorann um theacht isteach san Aontas Eorpach torthaí na n-anailísí arna ndéanamh i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún(7).]

**Nótaí**

**Cuid I:**

- Tagairt bhosca I.6: An duine atá freagrach as an gcoinsíneacht san Aontas: ní gá an bosca seo a líonadh isteach ach amháin más deimhniú é le haghaidh tráchtearra atá le cur faoi bhealach tríd an Aontas Eorpach;féadfar é a líonadh isteach más deimhniú é le haghaidh tráchtearra atá le hallmhairiú isteach san Aontas Eorpach.
- Tagairt bhosca I.12: Ceann scríbe: níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin más deimhniú é le haghaidh tráchtearra idirthurais. Ní stórálfar na táirgí faoi bhealach ach amháin i saorlimistéir, trádstórais shaora agus stórais chustaim.
- Tagairt bhosca I.15: Cláruimhir (vaigíní iarnróid nó coimeádán agus leoraithe), uimhir eitilte (aerárthach) nó ainm (long); tá faisnéis le soláthar i gcás díluchtú agus athluchtú.
- Tagairt bhosca I.19: bain úsáid as an cód HS iomchuí: 05.11, 23.01 nó 23.09.
- Tagairt bhosca I.25: úsáid theicniúil: aon úsáid seachas beathú na n-ainmhithe feirmshaothraithe, seachas ainmhithe fionnaidh, agus táirgeadh nó monarú bia peataí.
- Tagairt bhosca I.26 agus I.27líon isteach de réir cé acu an idirthuras nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.
- Tagairt bhosca I.28: Speiceas: feithidí, sonraigh a ainm eolaíoch.

**Cuid II:**

(1a) IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.

| **TÍR** | **Próitéin ainmhíoch phróiseáilte a dhíorthaítear ó fheithidí feirmshaothraithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine, lena n-áirítear meascáin agus táirgí seachas bia peataí ina bhfuil an phróitéin sin** |
|---|---|

| **II. Faisnéis sláinte** | II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe | II.b. |
|---|---|---|

([1b]) IO L 54, 26.2.2011, lch. 1.

([2]) Scrios de réir mar is iomchuí.

([3]) I gcás inarb amhlaidh:

n = an líon samplaí atá le tástáil;

m = an luach tairsí maidir leis an líon baictéar; meastar go bhfuil an toradh sásúil mura sáraíonn an líon baictéar i ngach sampla m;

M = an t-uasluach maidir leis an líon baictéar; meastar nach bhfuil an toradh sásúil má sháraíonn an líon baictéar i sampla amháin nó níos mó M nó más ionann an toradh agus M; agus

c = an líon samplaí a bhféadfadh a n-áireamh baictéarach a bheith idir m agus M, agus an sampla fós inghlactha má tá áireamh baictéarach na samplaí eile m nó níos lú ná m.

([4]) IO L 147, 31.5.2001, lch. 1.

([5]) IO L 172, 30.6.2007, lch. 84.

([6]) Áiritheoidh an duine atá freagrach as an ualach dá dtagraítear i mBosca I.6 go ndéanfar anailís ar an gcoinsíneacht, i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009, má tá sé beartaithe an phróitéin ainmhíoch phróiseáilte nó an táirge a bhfuil tuairisc uirthi sa deimhniú sláinte seo a úsáid chun beatha a tháirgeadh d'ainmhithe feirmshaothraithe neamh-athchogantacha, seachas ainmhithe fionnaidh. Cuirfear an fhaisnéis maidir le toradh na hanailíse sin i gceangal leis an deimhniú sláinte seo agus an choinsíneacht á cur i láthair ag Pointe Cigireachta Teorann de chuid an Aontais.

([7]) IO L 54, 26.2.2009, lch. 1.

– Beidh dath an tsínithe agus an stampa difriúil ó dhath an chló.

– Nóta don duine atá freagrach as an gcoinsíneacht san Aontas: Is chun críoch tréidliachta amháin an deimhniú seo agus beidh sé ag gabháil leis an gcoinsíneacht go dtí go sroichfidh sé an pointe cigireachta teorann.

Tréidlia oifigiúil/Cigire oifigiúil

| | |
|---|---|
| Ainm (i gceannlitreacha): | Cáilíocht agus teideal: |
| Dáta: | Síniú: |
| Stampa: | |

';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 17:

'CAIBIDIL 17

**Deimhniú sláinte**

*Maidir le haoileach próiseáilte, táirgí a dhíorthaítear ó aoileach próiseáilte, fuíoll feithidí próiseáilte agus guanó próiseáilte ó ialtóga a bheartaítear lena seoladh chuig an Aontas nó le bheith faoi bhealach[2] tríd*

| TÍR | Deimhniú tréidliachta chuig an Aontas |
|---|---|

**Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **I.1** | **Coinsíneoir/Onnmhaireoir**<br>Ainm<br>Seoladh<br><br>Tír      Cód tíre ISO | **I.2** | **Tagairt an deimhnithe** | **I.2a** **Tagairt IMSOC** |
| | | **I.3** | **Údarás Inniúil Lárnach** | **CÓD QR** |
| | | **I.4** | **Údarás Inniúil Áitiúil** | |
| **I.5** | **Coinsíní/Allmhaireoir**<br>Ainm<br><br>Seoladh<br><br>Tír      Cód tíre ISO | **I.6** | **An t- oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht**<br><br>Ainm<br><br>Seoladh<br><br>Tír      Cód tíre ISO | |
| **I.7** | **Tír thionscnaimh**      Cód tíre ISO | **I.9** | **Tír cinn scríbe**      Cód tíre ISO | |
| **I.8** | **Réigiún tionscnaimh**      Cód | **I.10** | **Réigiún cinn scríbe**      Cód | |
| **I.11** | **Áit seolta**<br>Ainm      Uimh. Chlárúcháin/Formheasa<br>Seoladh<br><br>Tír      Cód tíre ISO | **I.12** | **Ceann scríbe**<br>Ainm      Uimh. Chlárúcháin/Formheasa<br>Seoladh<br><br>Tír      Cód tíre ISO | |
| **I.13** | **Ionad luchtaithe** | **I.14** | **Dáta agus am imeachta** | |
| **I.15** | **Modh iompair**<br><br>☐ Aerárthach    ☐ Soitheach<br><br>☐ Iarnród    ☐ Feithicil bhóthair<br><br>Aitheantas | **I.16** | **Post Rialaithe Teorann um Theacht Isteach** | |
| | | **I.17** | **Doiciméid tionlacain**<br><br>Saghas      Cód<br>Tír      Cód tíre ISO<br>Tagairt doiciméid tráchtála | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **I.18** | **Dálaí iompair** | ☐ Comhthimpeallach | ☐ Fuaraithe | ☐ Reoite |

**I.19** **Uimhir an Choimeádáin/Uimhir an tSéala**
Uimh. an choimeádáin      Uimhir shéala

**I.20** **An cineál deimhniúcháin**

☐ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach

| | |
|---|---|
| **I.21** ☐ **Le bheith faoi bhealach**<br><br>Tríú tír      Cód tíre ISO | **I.22** ☐ **Le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh** |
| | **I.23** ☐ **Le haghaidh teacht isteach an athuair** |

| | | |
|---|---|---|
| **I.24 An líon iomlán pacáistí** | **I.25 Cainníocht iomlán** | **I.26 Glanmheáchan iomlán/ollmheáchan (kg)** |

**I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht**

| Speiceas (Ainm eolaíoch) | Cineál an tráchtearra | Uimhir formheasa na mbunaíochtaí<br>Gléasra monaraíochta | An líon pacáistí | Glanmheáchan | Baiscuimhir |
|---|---|---|---|---|---|

| TÍR | **Aoileach próiseáilte, táirgí a dhíorthaítear ó aoileach próiseáilte, fuíoll feithidí próiseáilte agus guanó próiseáilte ó ialtóga** | |
|---|---|---|
| C II   **II. Faisnéis sláinte** | **II.a**   **Tagairt an deimhnithe** | **II.b**   **Tagairt IMSOC** |

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, gur léigh mé agus gur thuig mé Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([1a]) agus Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún([1b]), agus go háirithe Caibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis, agus deimhním an méid seo a leanas maidir leis na seachtháirgí ainmhithe ar a dtugtar tuairisc thuas:

II.1. tagann siad ó ghléasra ina monaraítear táirgí chun críoch eile seachas mar bheatha d'ainmhithe feirmshaothraithe, ó ghléasra bithgháis nó ó ghléasra múirínithe arna fhormheas ag údarás inniúil an tríú tír a chomhlíonann na coinníollacha speisialta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus i Rialachán (AE) Uimh. 142/2011;

II.2[(2)] chuaigh siad faoi réir:

[próiseas cóireála teasa 70 C ar a laghad ar feadh 60 nóiméad ar a laghad;] nó

[i gcás aoileach próiseáilte, táirgí a dhíorthaítear ó aoileach próiseáilte agus guanó próiseáilte ó ialtóga, cóireáil choibhéiseach arna bailíochtú agus arna húdarú ag an mBallstát allmhairiúcháin i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus i Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 mar a leanas:

...........................................................................................................................

...........................................................................................................................

........................................................................................................................... ];

II.3. tá siad:

(a) saor ó *Salmonella* (gan *salmonella* in 25 g de tháirge cóireáilte);

(b) saor ó Escherichia coli nó ó Enterobacteriaceae (bunaithe ar an gcomhaireamh aeróbach: cion is lú ná 1 000 cfu in aghaidh an ghraim den táirge cóireáilte); agus

chuaigh siad faoi réir laghdú ar bhaictéir spórdhéanta agus ar fhoirmiú tocsainí;

II.4. ní baoití sealgaireachta atá déanta as fual ó ainmhithe den chineál fia iad;

II.5. tá siad iata go daingean i gceann de na nithe seo a leanas:

(a) coimeádáin dhea-shéalaithe agus inslithe, nó

(b) pacáistí séalaithe i gceart (málaí plaisteacha nó 'málaí móra').

**Nótaí**

**Cuid I:**

- Tagairt bhosca I.6: An duine atá freagrach as an gcoinsíneacht san Aontas: níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin más deimhniú é le haghaidh tráchtearra idirthurais; féadfar é a líonadh isteach más deimhniú le haghaidh tráchtearra allmhairiúcháin atá i gceist.
- Tagairt bhosca I.11 agus I.12: Uimhir formheasa: cláruimhir na bunaíochta nó an ghléasra, arna heisiúint ag an údarás inniúil.
- Tagairt bhosca I.12: Ceann scríbe: níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin más deimhniú é le haghaidh tráchtearra idirthurais. Ní stórálfar na táirgí faoi bhealach ach amháin i saorlimistéir, trádstórais shaora agus stórais chustaim.
- Tagairt bhosca I.15: Cláruimhir (vaigíní iarnróid nó coimeádán agus leoraithe), uimhir eitilte (aerárthach) nó ainm (long); tá faisnéis le soláthar i gcás díluchtú agus athluchtú.
- Tagairt bhosca I.19: i gcás bulc-choimeádán, tabharfar uimhir an choimeádáin agus uimhir an tséala (más infheidhme).
- Tagairt bhosca I.20: úsáid theicniúil: aon úsáid eile seachas mar bheatha d'ainmhithe.
- Tagairt bhosca I.21, I.22 agus I.23: líon isteach de réir cé acu an idirthuras, deimhniú allmhairiúcháin nó athiontráil atá ann.
- Tagairt bhosca I.27: An cineál tráchtearra: líon isteach más aoileach próiseáilte, táirgí a dhíorthaítear ó aoileach próiseáilte, fuíoll feithidí próiseáilte nó guanó ó ialtóga atá ann.

**Cuid II**:

([1a]) IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.

([1b]) IO L 54, 26.2.2011, lch. 1.

([2]) Scrios de réir mar is iomchuí.

– Nóta don duine atá freagrach as an gcoinsíneacht san Aontas: is chun críoch tréidliachta amháin an deimhniú seo agus beidh sé ag gabháil leis an gcoinsíneacht go dtí go sroichfidh sé post rialaithe teorann an Aontais Eorpaigh.

| | |
|---|---|
| Tréidlia oifigiúil/Cigire oifigiúil | |
| Ainm (i gceannlitreacha) | |
| Dáta | Cáilíocht agus teideal |
| Stampa | Síniú |

‘;

## Cuid 2
## Ceartúchán ar Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) 142/2011

In Iarscríbhinn XIV, i gCaibidil II, i Roinn 1, i dTábla 2, i ró 14, sa chúigiú colún dar teideal 'Liostaí tríú tíortha', ceartaítear pointe (b) agus cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'(b) I gcás seachtháirgí ainmhithe chun cógaisíocht a mhonarú:

Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII nó i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404; agus in Iarscríbhinní I, V agus VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.

I gcás ábhar éisc, tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.'.